2025/870

5.5.2025

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/870 ÓN gCOIMISIÚN

an 28 Feabhra 2025

lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann leis na tagairtí d'fhorálacha Choinbhinsiún Chicago

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta de chuid an Aontais Eorpaigh, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 19(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ba cheart aerárthaí, cé is moite d'aerárthaí gan foireann, maille lena n-innill, liáin, páirteanna agus trealamh neamhshuiteáilte, na ceanglais maidir le cosaint an chomhshaoil a chomhlíonadh. I Rialachán (AE) 2018/1139 déantar foráil dóibh trí thagairt a dhéanamh d'fhorálacha sonracha Choinbhinsiún Chicago, ina bhfuil na ceanglais sin.

(2) An 20 Márta 2023 ag an gcúigiú cruinniú den 228ú Seisiún de Chomhairle ICAO, ghlac sí Leasú 14 ar Imleabhar I, 'Torann Aerárthaí', d'Iarscríbhinn 16 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, Leasú 11 ar Imleabhar II, 'Astaíochtaí Innill Aerárthaí', d'Iarscríbhinn 16 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, agus Leasú 2 ar Imleabhar III, 'Astaíochtaí CO_2 Eitleán', d'Iarscríbhinn 16 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago. Tháinig na leasuithe sin i bhfeidhm an 1 Eanáir 2024.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart na tagairtí d'fhorálacha Choinbhinsiún Chicago a thabhairt cothrom le dáta agus ba cheart Rialachán (AE) 2018/1139 a leasú dá réir.

(4) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo bunaithe ar Thuairim Uimh. 2/2024 a d'eisigh Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (EASA) i gcomhréir le hAirteagal 76(1) de Rialachán (AE) 2018/1139,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) 2018/1139, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'A mhéid a bhaineann le torann agus le hastaíochtaí, comhlíonfaidh na haerárthaí sin agus a n-innill, a liáin, a bpáirteanna agus a dtrealamh neamhshuiteáilte na ceanglais maidir le cosaint an chomhshaoil atá i Leasú 14 ar Imleabhar I, i Leasú 11 ar Imleabhar II, agus i Leasú 2 ar Imleabhar III, de réir mar is infheidhme iad ar fad an 1 Eanáir 2024, d'Iarscríbhinn 16 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago.'.

([1]) IO L 212, 22.8.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1139/oj.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Feabhra 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN